# Mar a Fuair Sé a Ainm

Clár 2

Coileán madaidh a tháinig chun tí agus a ainmníodh, spreag sé Daidió le tuilleadh de scéal Chú Chulainn a aithris. Tugadh cuireadh do Shéadanta agus dá chuid cairde chuig cóisir mhór ach thosaigh sé ar an aislingeacht agus fágadh ar deireadh é. Bhí an chóisir ar siúl nuair a bhain sé amach í, bhí na geataí faoi ghlas agus, rud ba mheasa arís, d'ionsaigh an gadhar faire é. Mharaigh Séadanta an gadhar nuair a thiomáin sé sliotar isteach síos ina scornach. Bhí fear an tí, Culann Gabha, le báiní gur chaill sé an madadh ab fhíochmhaire in Éirinn. Thairg Séadanta seasamh in áit an chú agus tugadh athainm air, Cú Chulainn.

**<u>Eochairfhocail/-choincheapa:</u>**

Culann, gabha, Cú, aislingeacht, féinchosaint.

**<u>Roimh an chlár:</u>**

♦ Mínigh an scéal-líne agus na heochairfhocail.

**<u>I ndiaidh an chláir</u>**:

Fiosraígí:
♦ gadhar faire
♦ peataí agus ainmhithe oibre
♦ gaol agus dualgas an duine i dtaca le hainmhithe
♦ ainmhithe clóis, feirme, fiáine
♦ gairdíní ainmhithe - ar a son agus ina n-éadan

♦ Déanaigí liosta de scéalta faoi ainmhithe sa bhéaloideas, litríocht, scannáin, cartúin, teilifís, físeáin nó i gcluichí ríomhaire.

♦ Ba ghabha é Culann. Aimsigh ainmneacha eile a tháinig ó cheird an duine; ms: Ó Táilliúir, Ó Muilleoir, Ó Tiománaí srl ....

- Cú Chulainn a thugtar anois ar Shéadanta.
  Scrúdaígí tábhacht ainmneacha;
  - Ainmneacha dílse,
  - Céadainmneacha,
  - Sloinnte,
  - Ainmneacha ceana,
  - Leasainmneacha,
  - Ainmneacha ardáin,
  - Ainmneacha branda,
  - Athruithe in ainmneacha ms Cassius Clay
  - Síomón/Peadar
  - Sól/Pól

- Marcáil ar **Bhileog Oibre a Dó** - créatúir a chonacthas in Eachtra a Dó.

- **Bileog Oibre a Trí**: Script d'agallamh nuachta raidió a rinneadh le Séadanta.

Críochnaigí script d’agallamh raidió le Séadanta/Cú Chulainn:

**Agallóir:** A Shéadanta, cluinim gur Cú Chulainn an t-ainm a bheas ort feasta.

**Cú Chulainn:** Ceart, sin m’ainm úr.

**Agallóir:** Cad chuige?

**Cú Chulainn:** ........

